# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

# Clár na nÁbhar

1 Réamhrá ....................3

2 Scóip na Tuarascála ....................3

3 Cosaint Sonraí ....................4

4 Ráiteas BPI 2023 an RCS....................4

**Tábla 1.0 Miondealú Fireann/Baineann** .................... 4

**Tábla 1.1 Méadracht BPI**.................... 5

**Tábla 1.2 Bearna Inscne i mBónais Mheánacha agus Airmheánacha** .................... 5

**Tábla 1.3 Trasna Ceathairíleanna Pá Fireann/Baineann** .................... 6

5 Próifíl Foirne na Roinne de réir Inscne....................8

**Tábla 2.0 An Bord Bainistíochta** .................... 8

**Tábla 2.1 Gráid Ardbhainistíochta**.................... 8

**Tábla 2.2 Gráid Mheánbhainistíochta** .................... 8

**Tábla 2.3 Gráid na Bainistíochta Sóisearaí / Leibhéil Iontrála** .................... 9

**Tábla 2.4 Gráid Seirbhíse**.................... 9

6 Tiomantas an RCS do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)..........9

7 An chaoi a bhfuil an RCS ag Tacú le Comhionannas Inscne....................10

**Aguisín A**....................13

# 1 Réamhrá

Is é misean na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) rannpháirtíocht ghníomhach agus ionchuimsiú sa tsochaí a chur chun cinn trí thacaíochtaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile a sholáthar.

Áirítear le spriocanna na Roinne an custaiméir a chur i gceartlár an tsoláthair beartais agus seirbhíse, éifeachtacht agus éifeachtúlacht chostais a chur chun cinn, agus foireann, struchtúir agus próisis a fhorbairt.

Tá foireann an RCS bródúil as ár gcuid luachanna a chuimsíonn seirbhís phoiblí, fócas láidir ar chustaiméirí, gairmiúlacht iomlán, foireann rannpháirteach agus a bheith nuálach. Tá an Roinn tiomanta go hiomlán chun a bheith ina fórsa saothair ina bhfuil cultúr de chomhionannas, de dhínit agus de mheas fite fuaite tríthi agus ina mothaíonn gach duine go bhfuil tacaíocht agus luach acu.

An RCS tráth an tuairiscithe, bhí 6,942 fostaithe i mí an Mheithimh 2023, 68.73% baineann, 31.27% fireann. Is é an Bhearna Phá Inscne (BPI) sa RCS don bhliain 2023 ná 4.69% (meán) nó -0.24% (airmheán). Tá áthas ar an Roinn a lua go bhfuil laghdú tagtha ar a BPI ó 5.5% in 2022 go 4.69% in 2023.

Ní chiallaíonn an BPI go n-íoctar fir agus mná ar bhealach difriúil mar, mar atá le gach eagraíocht sa Státseirbhís, tá pá comhionann ag an BPI d'fhir agus do mhná sna gráid chéanna. Mar sin féin, tagann an bhearna phá idir na hinscní chun cinn mar gheall ar an difríocht idir comhréir na bhfear agus na mban ag gráid ar leith.

Rianaíonn **Aguisín A** na ceanglais tuairiscithe don RCS maidir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021.

# 2 Scóip na Tuarascála

Tiomsaíodh an tuarascáil seo as sonraí na ndaoine atá fostaithe sa Roinn. Ní chuimsítear sonraí ó dhaoine atá fostaithe i ngníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne.

*1. Bunús na sonraí*

Tiomsaíodh an tuarascáil seo le cúnamh ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO[1]), a sholáthair eolas pá a bhain leis an tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear sonraí ar ghnáthphá agus bunphá, liúntais agus ragobair san áireamh.

Rinneadh anailís ar na sonraí a soláthraíodh ó na Córais Bhainistíochta AD agus Párolla, rud a d'éascaigh na ríomhanna riachtanacha a dhéanamh.

[1] Is é an NSSO soláthraí na hÉireann um Sheirbhísí Comhroinnte d'Acmhainní Daonna, riarachán párolla agus seirbhísí airgeadais do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí.

*2. Coigeartuithe agus garmheastacháin*

Déantar na méadrachtaí sa tuarascáil seo a ríomh trí thagairt a dhéanamh den mhiondealú na bhfostaithe de réir na sonraí i bhfoirm thábla i Mír 4 den tuarascáil seo, a léiríonn líon na bhfostaithe ar an dáta léargais a thugann le fios go bhfuil siad fireann nó baineann.

- Tá baill foirne ar saoire bhreoiteachta, baill foirne ar saoire gan phá, amhail sosanna gairme, nach bhfuair aon phá le linn na tréimhse tuairiscithe san áireamh sa líon daoine, ach ní áirítear iad sa tuarascáil.
- Níl Airí ná Airí Stáit san áireamh sa tuarascáil seo toisc nach fostaithe iad.
- Tá baill foirne atá ar iasacht ag eagraíochtaí eile san áireamh sa tuarascáil seo.
- Níl baill foirne atá ar iasacht ag an Roinn ach a n-íocann eagraíochtaí eile iad san áireamh sa tuarascáil seo.
- Cuireadh coigeartuithe i bhfeidhm d'fhostaithe a bhain leas as an scéim um Bliain Oibre Níos Giorra.

# 3 Cosaint Sonraí

Ba iad baill AD a rinne an phróiseáil go léir i gcomhar le baill foirne ó rannóg na Seirbhísí Comhroinnte Párolla den NSSO agus de réir dualgais Cosanta Sonraí. Rinne baill foirne a mbeadh rochtain acu ar na sonraí mar chuid dá ndualgais laethúla in Acmhainní Daonna na Roinne na sonraí go léir a úsáideadh chun an tuarascáil seo a tháirgeadh a phróiseáil. Tá na staitisticí go léir a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo curtha le chéile agus ní shainaithníonn siad daoine aonair.

# 4 Ráiteas BPI 2023 an RCS

***Tábla 1.0 Miondealú Fireann/Baineann***

| | |
|---|---|
| **Eagraíocht:** | An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) |

| | |
|---|---|
| Dáta léargais: | An 23 Meitheamh, 2023 |
| Tréimhse tuairiscithe - ó: | Seachtain 26 2022 |
| Tréimhse tuairiscithe - chuig: | Seachtain 25 2023 |

| Líon fostaithe | Go lánaimseartha | Páirtaimseartha | **IOMLÁN (Gach)** | (ar baill foirne sealadacha iad seo a leanas) |
|---|---|---|---|---|
| Fireann | 2,101 | 70 | **2,171** | 203 |
| Baineann | 3,956 | 815 | **4,771** | 467 |
| **IOMLÁN** | **6,057** | **885** | **6,942** | **670** |

Tá miondealú inscne 35%:65% d'fhostaithe lánaimseartha, miondealú 8%:92% d'fhostaithe páirtaimseartha, miondealú 31% 69% de GACH fostaí agus miondealú 30%:70% d'fhoireann shealadach. Tá gach cóimheas Fireann go Baineann.

### *Tábla 1.1 Méadracht BPI*

**Méadracht BPI** *[Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]*

| | Fostaithe uile | | Fostaithe páirtaimseartha | | Fostaithe sealadacha | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bearna inscne i MEÁN Luach Saothair in aghaidh na huaire (BPI) | *R.7(1)(a)* | 4.69 % | *R.7(1)(b)* | -2.56% | *R.7(1)(c)* | -1.28% |
| Bearna inscne in AIRMHEÁN Luach Saothair in aghaidh na huaire | *R.8(1)(a)* | -0.24% | *R.8(1)(b)* | -2.36% | *R.8(1)(c)* | -0.37 % |

Tugann an **BPI Meánach** le fios go bhfuil an meántuarastal a íoctar le fir sa Roinn 4.69% níos mó ná an meántuarastal a íoctar le mná. Mar sin féin, íoctar 2.56% níos mó le fostaithe baineanna páirtaimseartha ná a gcomhghleacaithe fireanna agus íoctar 1.28% níos mó le fostaithe sealadacha baineanna.

Tugann an **BPI Airmheánach** le fios go bhfuil an ráta airmheánach pá do mhná 0.24% níos airde ná mar atá i gcás na bhfear. Tá an ráta airmheánach pá d'fhostaithe baineanna páirtaimseartha 2.36% níos airde ná mar atá i gcás na bhfear agus tá an ráta airmheánach d'fhostaithe sealadacha baineanna 0.37% níos airde.

Léiríonn na sonraí seo, mar a phléitear níos mó thíos, agus coigeartú déanta don mheascán gráid taobh istigh den Roinn, gurb é an príomhfhachtóir atá faoi deara don mheán BPI ná an ráta níos airde de roghanna oibre páirtaimseartha agus sealadacha a nglacann fostaithe baineanna leo i gcomparáid le fostaithe fireanna.

### *Tábla 1.2 Bearna Inscne i mBónais Mheánacha agus Airmheánacha*

| | | |
|---|---|---|
| Bearna inscne i mBónas MEÁNACH | *R.9(1)(a)* | N/B |
| Bearna inscne i mBónas AIRMHEÁNACH | *R.9(1)(b)* | N/B |

| | % Fireann Iomlán | | % Baineann Iomlán | |
|---|---|---|---|---|
| % ag fáil Bónais | *R.9(1)(c)* | N/B | *R.9(1)(c)* | N/B |
| % ag fáil Sochar Comhchineáil | *R.9(1)(d)* | N/B | *R.9(1)(d)* | N/B |

Ní chuireann an Roinn scéim bónais i bhfeidhm don fhoireann.

*Tábla 1.3 Trasna Ceathairíleanna Pá Fireann/Baineann*

| Ceathairílean na Pá | % Fireann | | % Baineann | |
|---|---|---|---|---|
| 1: an banda pá d'íocaíochtaí sa cheathairíl íochtarach | *R.10(1)(a)* | 32.39 % | *R.10(1)(a)* | 67.61 % |
| 2: an banda pá d'íocaíochtaí sa cheathairíl íochtarach-mheánach | *R.10(1)(b)* | 31.62 % | *R.10(1)(b)* | 68.38 % |
| 3: an banda pá d'íocaíochtaí sa cheathairíl uachtarach-mheánach | *R.10(1)(c)* | 24.54 % | *R.10(1)(c)* | 75.46 % |
| 4: an banda pá d'íocaíochtaí sa cheathairíl uachtarach | *R.10(1)(d)* | 36.58 % | *R.10(1)(d)* | 63.42 % |
| **Miondealú Inscne na Roinne** | | **31.27%** | | **68.73%** |

**In athbhreithniú ar dháileadh na bhfostaithe ar fud na gceithre Bhanda Pá Ceathairíle, tugtar deis dúinn scrúdú a dhéanamh ar phá ag leibhéil éagsúla den eagraíocht.**

Léiríonn na Bandaí Pá Ceathairíle dáileadh na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir Banda Pá ar fud na heagraíochta. Liostaíonn an Roinn gach fostaí agus a rátaí pá in aghaidh na huaire, ón ráta is ísle go dtí an ráta is airde, roinntear na figiúirí seo ina gceithre Bhanda Pá comhionanna nó Ceathairíleanna - íochtarach, íochtarach-mheánach, uachtarach-mheánach agus uachtarach. Léiríonn Tábla 1.3 cion na bhfostaithe fireanna agus baineanna i ngach ceathairíl.

Tá an scoilt do gach ceann de na ceithre cheathrú a thaispeántar thuas ag teacht, a bheag nó a mhór, lenár ndéimeagrafaic don lucht saothair foriomlán de 68.73% baineann agus 31.27% fireann. D'fhonn BPI a náid a bheith ag an Roinn, bheadh ar gach ceann de na ceathairíl déimeagrafach iomlán an fhórsa saothair a léiriú ar bhonn níos dlúithe.

Sa cheathairíl uachtarach, tá céatadán níos airde d'fhir (36.58%) ná mar atá i ndéimeagrafaic an lucht saothair (31.27%) a léiríonn ar bhonn comhréireach go bhfuil níos mó feart ag na gráid ab airde.

Tá próifíl den chineál céanna sa cheathairíl íochtarach-mheánach agus sa cheathairíl íochtarach ina bhfuil céatadán níos airde d'fhir (31.62% agus 32.39% faoi seach) ná mar atá i ndéimeagrafaic fhoriomlán an lucht saothair (31.27%) a léiríonn go bhfuil níos mó fir ag na gráid níos ísle freisin, ach tá na céatadáin anseo imeallach, áfach.

Mar sin féin, sa cheathrú uachtarach-mheánach, tá an patrún ag dul ar mhalairt treo agus céatadán níos airde de mhná (75.46%) ná mar atá i ndéimeagrafaic an lucht saothair (68.73%) a léiríonn go bhfuil níos mó ban ná fear sa cheathairíl seo.

### 1.1. ***Fachtóirí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar BPI***

Ní athbhreithniú ar phá comhionann atá sa tuarascáil seo. Íoctar gach fostaí, beag beann ar inscne, ar bhonn cothrom as obair atá mar an gcéanna nó cosúil le hobair ar luach comhionann. Mar sin féin, is féidir le fachtóir casta amháin nó níos mó tionchar a bheith acu ar dhifríochtaí maidir leis an méid a íoctar le fostaithe:

- Leithscaradh gairme – d'fhéadfadh sé gur mheall roinnt catagóirí poist nó gairmeacha níos mó ban ná fear ar bhonn traidisiúnta nó a mhalairt.
- Patrúin oibre – obair lánaimseartha agus obair pháirtaimseartha. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh go mbeadh obair pháirtaimseartha á lorg níos mó ag mná ná ag fir agus, cé nach mbíonn tionchar aige sin ar a ráta pá in aghaidh na huaire, d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar roghanna maidir le dul chun cinn gairmiúil.
- As an 885 ball foirne atá ag baint leas as comhroinnt oibre (páirtaimseartha) sa Roinn faoi láthair, is Mná iad 815 díobh agus is Fir iad 70 díobh. Is ionann sin agus ráta glactha de 17.08% de Mhná incháilithe agus gan ach 3.22% d'Fhir incháilithe.
- Fad na seirbhíse – d'fhéadfadh go gciallódh arduithe pá ar bhonn incriminteach go n-íoctar pá níos lú le fostaithe nua i gcodarsnacht le fostaithe a bhfuil níos mó taithí acu nó a bhfuil seirbhís níos faide déanta acu.
- Tráth den bhliain – is féidir foireann shealadach a earcú le haghaidh róil éagsúla a bhféadfadh ráta pá difriúil a bheith i gceist leo. Ag cur san áireamh an t-am den bhliain a tógadh an léargas seo (Meitheamh 2023) bheifí ag súil go mbeidh líon ard TCO sa Roinn chun tacú leis an bhfoireann a bhaineann leas as Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra.
- Miondealú inscne ar róil shinsearacha ag tuarastail níos airde – is féidir le líon beag fostaithe ar phá níos airde tionchar a bheith acu ar na meánfhigiúirí.
- Miondealú inscne ar róil ar phá níos ísle – is féidir le neart fostaithe ar phá íseal tionchar a bheith acu ar na meánfhigiúirí a thuairiscítear.
- Fachtóirí sochaíocha – d'fhéadfadh tosca ar nós fáil ar chúram leanaí agus/nó cúram do dhaoine scothaosta, an chaoi a mbreathnaítear ar phoist nó ar shlite beatha áirithe tionchar a bheith acu ar roghanna gairme.

Má thuairiscíonn eagraíocht BPI dearfach, ní chiallaíonn sé go n-íoctar níos lú le mná ná le fir as an jab céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé, ar an meán, go mbíonn róil ar phá níos airde ag fir seachas ag mná.

# 5 Próifíl Foirne na Roinne de réir Inscne

Bhí 6,942 fostaí ag an RCS (tráth an tuairiscithe – Meitheamh 2023), 68.73% díobh ina mná, 31.27% fir. Tá ionadaíocht láidir ban ag formhór na ngrád ar fud na Roinne.

### An Bord Bainistíochta

Amhail an 23 Meitheamh, 2023, bhí 14 bhall ar Bhord Bainistíochta (BB) an RCS agus cothromaíocht inscne 48% / 52% i bhfabhar na bhfear.

***Tábla 2.0 An Bord Bainistíochta***

| Grád | % Baineann | % Fireann |
|---|---|---|
| Ard-Rúnaí (1) | 0 | 100% |
| Leas-Ardrúnaí (1) | 100% | 0 |
| Ard-Rúnaí Cúnta (10) | 40% | 60% |
| Príomhoifigeach Achomhairc (1) | 100% | 0 |
| An Príomh-Oifigeach Leighis (1) | 0 | 100% |
| **Iomlán** | **48%** | **52%** |

### Gráid Ardbhainistíochta

Ag leibhéil ghrád na bainistíochta sinsearaí, .i. gráid an Phríomhoifigigh agus an Phríomhoifigigh Chúnta, tá an chothromaíocht inscne i bhfabhar na mban, mar a fheictear i dTábla 2.1.

***Tábla 2.1 Gráid Ardbhainistíochta***

| Grád | % Baineann | % Fireann |
|---|---|---|
| Príomhoifigeach | 55% | 45% |
| Príomhoifigeach Cúnta | 51% | 49% |

### Gráid Mheánbhainistíochta

Ag leibhéil ghrád na meánbhainistíochta, is iad sin na gráid PF agus OR, tá an chothromaíocht inscne i bhfabhar na mban, mar a fheictear i dTábla 2.2

***Tábla 2.2 Gráid Mheánbhainistíochta***

| Grád | % Baineann | % Fireann |
|---|---|---|
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Riaracháin | 66% | 34% |

**Gráid ar leibhéil na Bainistíochta Sóisearaí agus Iontrála**
Tá an chothromaíocht inscne i bhfabhar na mban ag gráid na bainistíochta sóisearaí agus na n-oifigeach cléireachais (sealadach agus buan).

***Tábla 2.3 Gráid na Bainistíochta Sóisearaí / Leibhéil Iontrála***

| Grád | % Baineann | % Fireann |
|---|---|---|
| Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais | 73% | 27% |
| Oifigeach Cléireachais Sealadach | 70% | 30% |

**Gráid Seirbhíse**
Ag gráid seirbhíse (Oifigigh Sheirbhíse, Freastalaithe Seirbhíse, Glantóirí) tá an chothromaíocht inscne i bhfabhar na bhfear.

***Tábla 2.4 Gráid Seirbhíse***

| Grád | % Baineann | % Fireann |
|---|---|---|
| OSanna, FSanna, Glantóirí | 13% | 87% |

# 6 Tiomantas an RCS do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)

Tá an RCS tiomanta do thimpeallacht oibre atá ionchuimsitheach a léiríonn meas ar agus a chuireann cearta gach ball foirne chun cinn ar mhaithe le cóir chomhionann agus dínit san ionad oibre.

Trína beartais foirne agus a próisis bhainistíochta agus ghnó féachann an Roinn le timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn ina mothaíonn daoine de gach inscne, eitneacht, aois, claonadh gnéasach, reiligiún, cúlra/stádas teaghlaigh, agus cumas, go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas orthu, agus go mothaíonn siad go bhfuil siad ionchuimsithe.

Ag teacht leis na gealltanais a aithníodh sa Straitéis Daoine AD 2020 - 2023, tá aonad feidhme tiomnaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (ED&I) bunaithe sa Rannán Acmhainní Daonna, lena gcuimsítear ról an Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas. Is iad seo a leanas Cuspóirí Beartais an Aonaid ED&I:

***Comhionannas*** – cuirfidh an Roinn agus a bainisteoirí ionad oibre ar fáil ina mbeidh rochtain chomhionann ag daoine ar dheiseanna.

***Éagsúlacht*** – ba chóir go mbeadh gach ball foirne ar a gcompord chun iad féin a thabhairt chuig an obair i dtimpeallacht a chuimsíonn éagsúlacht.

***Ionchuimsiú*** – beidh meas san ionad oibre ag ár ndaoine, beag beann ar chúlra nó difríochtaí, agus nasc acu leis a ligeann dóibh bheith rannphairteach ar bhonn oibiachtúil

in obair le chéile chun ár seirbhísí agus ár spriocanna gnó a sheachadadh ar bhonn rathúil.

Ar bhonn ginearálta is tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) a earcaítear baill foirne chuig an Roinn, arb í an soláthraí lárnach seirbhísí earcaíochta, measúnachta agus roghnóireachta ar fud na Státseirbhíse. Tá a straitéis um Chomhionannas, Ionchuimsiú agus Éagsúlacht 2021-2023 mar bhonn agus mar thaca ag gach gníomhaíocht earcaíochta de chuid SCP. Reáchtáiltear gach comórtas de réir an Chóid Cleachtais um Cheapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CSCP) atá ar fáil ag http://www.cpsa.ie/

# 7 An chaoi a bhfuil an RCS ag Tacú le Comhionannas Inscne

**Cleachtais earcaíochta atá cothrom agus trédhearcach**

Mar fhostóir comhdheiseanna, oibríonn an RCS chun cultúr de chomhionannas a chur chun cinn agus déanann sí a dícheall fíor-chomhionannas deiseanna a chuimsiú trínár bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta atá oscailte do chách.

- Soláthraíonn an RCS cúnamh agus cóiríocht chuí le linn ár bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta, lena n-áirítear áiseanna agallaimh a bhfuil rochtain éasca orthu a sholáthar, agallaimh a bhfuil an t-am cuí acu a chomhaontú, agus trealamh cuí a sholáthar nó a shocrú.
- Tá gach Bord Agallaimh cothrom ó thaobh inscne de agus cinntíonn baill an Bhoird Agallaimh go ndéantar agallaimh de réir bheartais earcaíochta agus roghnúcháin na Roinne, atá bunaithe ar dhea-chleachtas.
- Leagann láithreáin ghréasáin earcaíochta béim ar roghanna oibre solúbtha atá cairdiúil don teaghlach, agus tá ár gcuntais phoist agus ár bhfógraí poist neodrach ó thaobh inscne de.
- Cuireann an RCS foghlaim, oiliúint agus tacaíocht ar fáil, atá oscailte d’fhostaithe chun cabhrú leo ullmhú le haghaidh iarratais phoist agus agallamh.
- Íoctar fostaithe de réir scála tuarastail incriminteach, agus cuireann an RCS deiseanna láidre ar fáil i dtaca le dul chun cinn gairme atá oscailte do gach fostaí.

**Cothromaíocht oibre agus saoil**

- Tairgeann an RCS réimse leathan de roghanna oibre agus saoire solúbtha atá ar fáil do gach fostaí, lena n-áirítear saoire cúramóra, sosanna gairme, saoire mháithreachais atá íoctha, saoire uchtála, saoire atharthachta atá íoctha, saoire tuismitheora, saoire do thuismitheoirí, scéimeanna um bliain oibre níos giorra agus comhroinnt oibre. Cé go mbaineann ráta níos airde

d'oibrithe baineanna leas as na roghanna solúbtha seo go léir (agus dá bhrí sin, go mbíonn tionchar diúltach acu ar an mbearna phá inscne tomhaiste) leanfaidh an Roinn ag tairiscint na roghanna seo.

**Obair chumaisc / Scéim Coigilte Cánach / Scéim Rothaíochta chun na hOibre**

- Tá obair chumaisc, socrú atá bunaithe ar shuíomh, anois mar chuid dár bpolasaithe oibre sofhreagrúla le roghanna solúbtha chun obair oifige agus bhaile/mhoil a chónascadh le chéile.
- Soláthraíonn an RCS rochtain ar an Scéim Rothaíochta chun na hOibre agus ar an Scéim Coigilte Cánach, chun costais chomaitéireachta a laghdú.

**Foghlaim agus Forbairt**

- Tá an RCS tiomanta do dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil ionas gur féidir le gach fostaí barr a gcumais a bhaint amach. Tugadh spreagadh gníomhach do gach fostaí chun raon deiseanna oideachais a leanúint, agus bíonn saoire don staidéar agus do scrúduithe ar fáil freisin.

**Sláinte agus Folláine**

- Tá sláinte agus folláine na bhfostaithe go léir ríthábhachtach, a bhfuil éiteas láidir sláinte agus sábháilteachta mar bhonn agus mar thaca aige ar fud na Roinne. Cuireann an Roinn cláir shláinte agus folláine ar fáil d'fhostaithe lena n-áirítear Clár Cúnaimh d'Fhostaithe.

**Dualgas na hEarnála Poiblí**

- Cuireann Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid na hEarnála Poiblí oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna aird a thabhairt ar an ngá atá le:
  - deireadh a chur le leatrom
  - comhionannas deiseanna agus cóir a chur chun cinn don fhoireann agus dóibh siúd a gcuirtear seirbhís ar fáil dóibh
  - cearta daonna úsáideoirí seirbhíse agus foirne a chosaint agus iad ag déanamh a gcuid oibre.
- Léiríonn an Roinn meas ar ár ndualgas san earnáil phoiblí i ngach gníomhaíocht. Comhlánaíonn an Dualgas polasaí, straitéisí agus nósanna imeachta poiblí reatha mar a bhaineann siad le cearta daonna agus comhionannas a chur chun cinn. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí atá againn mar fhostóir tá:
  - Cuirimid feasacht ar na beartais a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna chun cinn don fhoireann go léir trí bheartais agus faisnéis ábhartha a aithint agus é a dhéanamh furasta le haimsiú don fhoireann ar fad trí Stór (láithreán inlín an RCS), trí fhógraí oifige agus trí úsáid a bhaint as an tionscnamh EDI chun cearta daonna agus ionchuimsiú a léiriú.
  - Glacann an Roinn páirt sa chlár Meantóireachta Toilteanaí, Ábalta (MTA) ar bhonn bliantúil.

- Mar fhostóir comhdheiseanna, tugaimid tacaíocht don fhoireann le deiseanna forbartha gairme trínár gcóras bainistíochta feidhmíochta agus forbartha (CBFF). Cuirtear comórtais ardaithe céime, soghluaisteacht agus deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil don fhoireann go léir ar bhonn cothrom. Feidhmíonn gach comórtas ardaithe céime a reáchtáiltear sa RCS de réir chód cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.
- Cuirimid oiliúint um chearta an duine agus comhionannais chun cinn don fhoireann sa líne thosaigh chun feasacht a chruthú ar chearta an duine agus ar an éagsúlacht agus chun iad a chumasú chun seirbhís custaiméara iontach a sholáthar do chách agus chun saineolas a ghnóthú sa Roinn. Cuirimid tacaíocht, spreagadh agus maoiniú ar fáil freisin don fhoireann do chláir foghlama chreidiúnaithe sa réimse staidéir seo.
- Ina theannta sin, tacaíonn an Roinn le tionscnaimh ar bhonn leanúnach chun feasacht ar chearta an duine agus ar chomhionannas a chur chun cinn, ar nós imeachtaí/laethanta téamacha don fhoireann amhail Lá Idirnáisiúnta an Titimis, Seachtain Mheabhairshláinte, Seachtain Feasachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus Bród.

# Aguisín A

De réir an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021, ceanglaítear ar eagraíochtaí a bhfuil foireann de bhreis agus 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a BPI bunaithe ar dháta léargais i mí an Mheithimh le tréimhse tuairiscithe 12 mhí díreach roimh an dáta léargais agus an dáta léargais san áireamh, sula dtuairisceoidh siad sé mhí ina dhiaidh sin le linn mhí na Nollag. Is í seo an dara tuarascáil BPI (BPI) de chuid na Roinne agus tá sí bunaithe ar léargas ar fhostaithe taobh istigh den Roinn ar an 23 Meitheamh 2023.

Is ionann an BPI agus an difríocht idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud an lucht saothair, agus tá an raon méadrachta leagtha amach san Acht um Fhaisnéis BPI 2021.

Lena chois sin, ní mór na figiúirí meánacha agus airmheánacha a shonrú leo féin d'fhostaithe páirtaimseartha agus sealadacha. Is éard atá sa mheán ná an meán, arna ríomh de réir na difríochta idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus an ráta pá in aghaidh na huaire do mhná, a shloinntear mar chéatadán de ráta uaire na bhfear. Má tá an ráta seo diúltach, tá meánráta na mban in aghaidh na huaire níos airde ná meánráta na bhfear in aghaidh na huaire ar an dáta léargais agus má tá sé dearfach, tá meánráta na bhfear in aghaidh na huaire níos airde ná meánráta na mban in aghaidh na huaire ar an dáta léargais.

Ní hionann an BPI agus pá neamhchothrom agus tá pá gach fostaí de chuid na Roinne ailínithe le gráid phá na státseirbhíse arna sainiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 11/2023 Gov.ie)

***Nóta Mínithe***

Ríomhtar na méadrachtaí sa tuarascáil seo trí thagairt a dhéanamh do mhiondealú na bhfostaithe sna táblaí don BPI i gCuid 4 ina léirítear líon na bhfostaithe ar an dáta léargais den 23 Iúil 2023 a thugann le fios gur fir nó mná iad.

Níl figiúirí ná méadrachtaí sa tuarascáil seo d'aon chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne, boird oideachais agus oiliúna ná gníomhaireachtaí eile a bhaineann leis an Roinn, a fhoilseoidh a dtuarascáil féin, nuair is gá.